Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11014 — ABU DHABI PORTS COMPANY / NOATUM HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 70/08)

1. An 17 Feabhra 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Abu Dhabi Ports Company PJSC ("ADP", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Developmental Holding Company ("ADQ", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha);

— Noatum Holdings S.L.U. ("Noatum", an Spáinn).

Gheobhaidh ADP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Noatum.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ADP gníomhach sa trádáil, sa lóistíocht agus san iompar. Oibríonn sé deich gcalafort agus gcríochfort in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, maille le saoráidí calafoirt san Éigipt. Níl ADP gníomhacha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch faoi láthair;

— Tá Noatum gníomhach den chuid is mó sna nithe seo a leanas: bainistiú lasta agus lóistíocht ar conradh; ionadaíocht tráchtála, gníomhaireacht calafoirt agus seirbhísí long agus criú, agus seirbhísí lóistíochta speisialaithe, agus soláthar saoráidí críochfoirt calafoirt.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11014 — ABU DHABI PORTS COMPANY / NOATUM HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.